An Coimisiún Eorpach

Sicco Mansholt: feirmeoir, trodaí sa fhrithbheartaíocht agus fíor-Eorpach

Sicco Mansholt 1908 - 1995

B'fheirmeoir é Sicco Mansholt, throid sé i bhfrithbheartaíocht na hÍsiltíre le linn an Dara Cogadh Domhanda, bhí sé ina pholaiteoir sa tír sin agus ba é an chéad Choimisinéir Eorpach don Talmhaíocht é. Ba iad smaointe Mansholt ba bhunús le Comhbheartas Talmhaíochta an Aontais Eorpaigh a bhí ar cheann de na beartais ba thábhachtaí tráth a bhunaithe.

Bhí taithí ag Mansholt ar na huafáis a tharla le linn an ghorta a bhí san Ísiltír ag deireadh an Dara Cogadh Domhanda, agus bhí sé diongbháilte de go raibh gá le hEoraip a sholáthródh a dóthain féin agus gur cheart soláthar seasta bia inacmhainne a chinntiú do chách.

Ba é an ghné ba thábhachtaí i bplean Mansholt maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta luath ná an táirgiúlacht a spreagadh sa talmhaíocht. Is é a bhí beartaithe leis an mbeartas sin córais a chinnteodh íosphraghas áirithe d'fheirmeoirí as a gcuid táirgí, rud a spreagfadh iad níos mó a tháirgeadh. Ba fhíor-Eorpach a bhí ann go smior de bharr a dhiongbháilte is a bhí sé ar son na hEorpa agus i ngeall ar an bhfhís dhaingean a bhí aige don todhchaí.

Cúlra

Rugadh Sicco Mansholt ar an 13 Meán Fómhair 1908 do theaghlach a bhí gníomhach ar mhaithe leis an tsochaí agus a raibh feirm mhór acu in Groningen, réigiún i dtuaisceart na hÍsiltíre. Bhí a athair ina bhall gníomhach de pháirtí sóisialach na hÍsiltíre agus ina chomhairleoir tábhachtach don pháirtí ar chúrsaí talmhaíochta. Bhí a mháthair, iníon le breitheamh, ar dhuine de na chéad mhná san Ísiltír a rinne staidéar ar an eolaíocht pholaitiúil ar an ollscoil agus d'eagraíodh sí cruinnithe polaitiúla rialta do mhná.

Tar éis na meánscoile theastaigh ó Mansholt bheith ina fheirmeoir, ach ní raibh sé in acmhainn ag a athair íoc as léas talmhaíochta dó mar go raibh léas ceannaithe aige do dheartháir Sicco freisin. Bhí súil aige, mar sin féin, gairm a dhéanamh sa talmhaíocht, agus chuaigh sé go dtí Indiacha Thoir na hÍsiltíre, an Indinéis sa lá atá inniu ann, agus thosaigh sé ag obair ar fheirm tae. Níor bhain sé aon cheart riamh as an gcóras coilíneach a bhí ann agus d'fhill sé ar an Ísiltír i 1936. Bliain ina dhiaidh sin, fuair sé gabhaltas talún i réigiún poldair Wieringermeer, phós sé, agus mhair sé mar fheirmeoir go dtí gur bhris an Dara Cogadh Domhanda amach.

An Dara Cogadh Domhanda

Le linn an chogaidh, bhí Mansholt ina bhall gníomhach de fhrithbheartaíocht na hÍsiltíre i gcoinne ionradh Naitsithe na Gearmáine. Sna blianta tosaigh den chogadh, chuir sé daoine i bhfolach ar a fheirm agus scaip sé faisnéis rúnda, ach ina dhiaidh sin bhíodh sé i mbun eagrúcháin ar líonra mór dáileacháin a chuir bia ar fáil do dhaoine a bhí faoi cheilt ar fud iarthar na tíre. I ndiaidh an chogaidh, mar aitheantas ar a thaithí, a mhisneach agus ar a scileanna eagrúcháin, tugadh post Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Dáileacháin Bia dó sa rialtas nuabhunaithe. In aois 36 bliain bhí sé ar an Aire ab óige i stair na hÍsiltíre go dtí sin.

An talmhaíocht a athbhunú

Bhí an-tábhacht le post Mansholt sna blianta díreach i ndiaidh an chogaidh. Bhí easpa mhór bia ann agus bhí géarchéim tuartha. Rinne sé roinnt beart chun na soláthairtí bia a athbhunú go tapa, ach thuig sé mar sin féin an gá an talmhaíocht a nuachóiriú go mór le nach mbeadh easpaí bia ann arís agus le go gcinnteofaí éifeachtúlacht. Shocraigh sé íosphraghsanna ar na táirgí

talmhaíochta ba thábhachtaí agus thug sé isteach cánacha ar allmhairí agus tacaíocht d'onnmhairí. Chun an táirgiúlacht a chur chun cinn, chuir sé infheistíocht chun cinn sa taighde agus san oideachas chomh maith le feirmeacha a chumasc in aonaid níos mó agus níos éifeachtaí.

Comhbheartas Talmhaíochta don Eoraip

Ba fheidearálach Eorpach a bhí i Mansholt agus bhí fís aige comhbheartas talmhaíochta a chruthú don Eoraip. I 1950, d'fhorbair sé plean do chómhargadh táirgí talmhaíochta san Eoraip a bheadh faoi struchtúr rialaithe fornáisiúnta. Bhí an plean sin ró-uaillmhianach don tráth sin, áfach, agus theip air. Cuireadh beocht sa phlean arís, mar sin féin, agus ba é a bhí mar ionspráid le beartas talmhaíochta Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

Tar éis bheith ina Aire ar feadh dhá bhliain déag go leith, fuair Mansholt deis a phleananna don chomhbheartas a sheoladh nuair a rinneadh Coimisinéir Talmhaíochta de sa chéad Choimisiún Eorpach i 1958. Le Conradh na Róimhe 1957 bunaíodh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus rinneadh foráil maidir le cómhargadh san Eoraip a bhí le bunú i dtrí chéim ceithre bliana ar leith. Mheas go leor daoine go raibh an plean dhá bhliain déag sin an-uaillmhianach agus go dteipfeadh air, go mór mór na bearta a bhain leis an earnáil talmhaíochta, óir bhí go leor i goinne na mbeart sin. Mar sin féin, bhí Mansholt dearfach i gcónaí agus lean sé ar aghaidh mar a bhí beartaithe. Is é a bhí beartaithe aige comhaontú a fháil faoi fhóirdheontais dhíreacha ar bharra agus faoi thalamh a d'fhéadfaí a shaothrú trí mheicníochtaí tacaíochta praghais, lena n-áireofaí íosphraghsanna ráthaithe agus taraifí agus cuótaí ar allmhairí earraí áirithe ó thríú tíortha. Spreagfaí, ar an gcaoi sin, táirgiúlacht níos fearr le go mbeadh soláthar seasta de bhia inacmhainne ag an tomhaltóir agus chinnteofaí go mbeadh earnáil talmhaíochta inmharthana san AE.

Plean Mansholt

Bhí roinnt mhaith daoine i gcoinne a phleananna i dtosach, idir fheirmeoirí agus a n-ionadaithe polaitiúla, daoine a chreid go diongbháilte go gcuirfeadh an cur chuige coiteann seo a slí bheatha i mbaol agus nach n-éireodh ach leis na feirmeacha móra. Bhí go leor bacainní le sárú sular comhaontaíodh comhbheartas Eorpach, ach choinnigh Mansholt air agus i 1968 d'fhoilsigh an Coimisiún an "Meamram maidir le hathchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta", ar tugadh "Plean Mansholt" air go neamhoifigiúil. Is é a dearbhaíodh sa Phlean, go bunúsach, go raibh gá ag feirmeoirí le nuachóiriú a dhéanamh le go dtiocfadh borradh ar an talmhaíocht. Chinnteodh sé sin an táirgiúlacht agus bheadh feirmeoirí na hEorpa in ann a ndóthain féin a tháirgeadh.

Bhí an-rath ar an mbeartas talmhaíochta maidir leis an mbunchuspóir a bhí leis a bhaint amach, is é sin gur leor inti féin an Eoraip ó thaobh bia de. Feadh an leathchéid de bhlianta atá sé ann, áfach, tá athruithe móra déanta ar an gcomhbheartas le hé a chur in oiriúint do na hathruithe a tharla sa saol. Faoi na 1970daí, is minic a bhíodh barrachas de tháirgí feirme ann mar thoradh ar an rath a bhí ar an mbeartas. Le linn na 1970daí, rinne Mansholt go leor chun bearta lena gcosnófaí an comhshaol a chuimsiú mar phríomhghné den bheartas talmhaíochta. Bhí sé ina Leas-Uachtarán ar an gCoimisiún idir 1958 agus 1972 agus ar an gceathrú hUachtarán ar an gCoimisiún idir 1972 agus 1973.

Is é an cuspóir a bhí ag Mansholt nach mbeadh an gorta uafásach a thit amach san Eoraip tar éis an Dara Cogadh Domhanda ann arís. Chinntigh Plean Mansholt, taobh istigh de thréimse ghearr, gur leor inti féin an Eoraip ó thaobh bia de agus gur cuireadh borradh faoin talmhaíocht san Eoraip.

Coimisinéir Talmhaíochta agus feirmeoir díograiseach a bhí i Mansholt a chuir bunús leis an gComhbheartas Talmhaíochta.